# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2010**

# C U N T A S A Í O C H T – A R D L E I B H É A L

**(400 marc)**

DÉ LUAIN, 21 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go 5.00

**Tá an páipéar seo leagtha amach i 3 Roinn**

| **Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais (120 marc).** |
|---|
| Tá 4 cheist sa roinn seo (Uimhir 1 – 4). Tá 120 marc ar an gcéad cheist agus tá 60 marc an ceann ar na trí cheist eile.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile as an roinn seo |

| **Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais (200 marc).** |
|---|
| Tá 3 cheist sa roinn seo (Uimhir 5 – 7). Tá 100 marc ar gach ceist.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt. |

| **Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta (80 marc).** |
|---|
| Tá 2 cheist sa roinn seo (Uimhir 8 agus 9). Tá 80 marc ar gach ceist.<br>Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt. |

| **Áireamháin** |
|---|
| Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus na ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt: tá sé fíorthábhachtach, áfach, go dtaispeánfar an t-oibriú amach s(n)a f(h)reagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair atá ceart. |

| ROINN 1 (120 marc) |
|---|
| Freagair **Ceist 1** NÓ **DHÁ** cheist ar bith eile |

## 1. Trádálaí Aonair – Cuntais Chríochnaitheacha

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair Nóra Ní Chonaill ar 31/12/2009:

| | € | € |
|---|---|---|
| Foirgnimh (Costas €620,000) | 515,000 | |
| Veaineanna Seachadta (Costas €90,000) | 80,000 | |
| Infheistíochtaí 4% (01/07/2009) | 120,000 | |
| Paitinní | 60,400 | |
| Morgáiste Seasta 6% (méadú de €80,000 a fuarthas ar 01/04/2009 san áireamh) | | 180,000 |
| Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe | 50,000 | 120,000 |
| Ceannacháin agus Díolacháin | 465,200 | 659,650 |
| Stoc 01/01/2009 | 63,200 | |
| Coimisiún | 5,550 | |
| Tuarastail agus Speansais Ghinearálta (Fionraí san áireamh) | 75,000 | |
| Soláthar in aghaidh Drochfhiach | | 1,800 |
| Lascaine (Glan) | 1,600 | |
| Cíos | 8,000 | |
| Ús Morgáiste íoctha don chéad trí mhí | 1,400 | |
| Fógraíocht | 2,400 | |
| CBL | | 4,600 |
| Banc | | 13,300 |
| ÍMAT agus ÁSPC | | 5,400 |
| Tarraingtí | 32,000 | |
| Caipiteal | | 495,000 |
| | 1,479,750 | 1,479,750 |

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

(i) B'fhiú €75,400 an stoc ar a chostas ar 31/12/2009. Cuimsíonn an figiúr seo stoc damáistithe a chosain €8,200 ach a bhfuil glanluach inréadaithe de €3,400 anois air.

(ii) Tá na paitinní, a chuimsíonn ioncam infheistíochta trí mhí atá faighte, le díscríobh thar thréimhse cúig bliana ag tosú in 2009.

(iii) Déan soláthar in aghaidh dímheasa ar veaineanna de réir ráta bhliantúil de 12½% den chostas ón dáta ceannaigh go dtí dáta an díola. NÓTA: Ar 31/03/2009 trádáladh isteach veain, a chosain €24,000 ar 30/09/2006 in aghaidh veain nua a chosain €48,000. Tugadh liúntas de €12,000 ar an seanveain. Caitheadh go mícheart leis an seic ar ghlanmhéid an bhearta sin mar cheannach stoc trádála. Ba é sin an t-aon iontráil a rinneadh sna leabhair i dtaca leis an mbeart sin.

(iv) Tarlaíonn an fionraí i ngeall ar an bhfigiúr mícheart d'ús morgáiste (cé go ndearnadh an iontráil cheart sa chuntas bainc) agus ar an €1,000 a íocadh le haghaidh ÍMAT agus ÁSPC nár iontráladh ach sa chuntas bainc amháin.

(v) Cuireadh earraí a raibh praghas miondíola de €8,400 orthu ar ais chuig an soláthraí. Ba é an praghas díola ná an costas móide 20%. D'eisigh an soláthraí nóta creidmheasa a thaispeáin táille athstocála de 10% den chostas ceannaigh. Ní dhearnadh aon iontráil maidir leis an táille athstocála seo.

(vi) Tá soláthar le déanamh d'ús morgáiste atá dlite. Le chuid phríobháideach den fhoirgneamh a bhaineann 10% den ús morgáiste don bhliain.

(vii) Déan soláthar do dhímheas ar fhoirgnimh de réir ráta 3% den chostas per annum. Socraíodh na foirgnimh a athluacháil ag €850,000 ar 31/12/2009.

(viii) Is d'fheachtas 24 mí a thosaigh ar 01/10/2009 í an íocaíocht ar fhógraíocht.

(ix) Fuarthas seic ar €400 ar 31/12/2009 maidir le fiach de €900 a díscríobhadh cheana féin mar dhrochfhiach. Tá an féichiúnaí tar éis comhaontú an fuílleach a íoc laistigh d'aon mhí amháin. Ní dhearnadh iontráil ar bith sna leabhair chun an beart seo a thaifeadadh.

**Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú:**

**(a)** Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2009. (75)

**(b)** Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2009. (45)

**(120 marc)**

**2. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid**

Is iad seo a leanas Cláir Chomhardaithe Norris cpt mar a bhí ar 31/12/2008 agus ar 31/12/2009 chomh maith le Cuntas Brabúis agus Caillteanais giorraithe don bhliain dar críoch 31/12/2009.

**Cuntas Brabúis agus Caillteanais giorraithe don bhliain dar críoch 31/12/2009**

| | € |
|---|---|
| Brabús Oibriúcháin | 179,000 |
| Ús don bhliain | (18,000) |
| Brabús roimh cháin | 161,000 |
| Cáin don bhliain | (43,000) |
| Brabús tar éis cánach | 118,000 |
| Díbhinní íoctha | (64,000) |
| Brabúis coinnithe don bhliain | 54,000 |
| Brabúis coinnithe ar 01/01/2009 | 182,000 |
| Brabúis coinnithe ar 31/12/2009 | 236,000 |

| **Clár Comhardaithe mar a bhí ar** | **31/12/2009** | | **31/12/2008** | |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Talamh agus Foirgnimh ar a gcostas | 800,000 | | 725,000 | |
| Lúide dímheas carntha | (60,000) | 740,000 | (50,000) | 675,000 |
| Innealra ar a chostas | 380,000 | | 450,000 | |
| Lúide dímheas carntha | (200,000) | 180,000 | (175,000) | 275,000 |
| | | 920,000 | | 950,000 |
| **Sócmhainní Airgeadais** | | | | |
| Infheistíochtaí luaite | | 60,000 | | 25,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Stoc | 212,000 | | 194,000 | |
| Féichiúnaithe | 188,000 | | 180,000 | |
| Urrúis Rialtais | 15,000 | | – | |
| Banc | – | | 6,000 | |
| Airgead | 3,000 | | 2,000 | |
| | 418,000 | | 382,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin** | | | | |
| Creidiúnaithe trádála | 280,000 | | 255,000 | |
| Ús dlite | 5,000 | | – | |
| Cáin | 45,000 | | 40,000 | |
| Banc | 9,000 | | – | |
| | (339,000) | | (295,000) | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 79,000 | | 87,000 |
| | | 1,059,000 | | 1,062,000 |
| **Maoinithe ag** | | | | |
| **Creidiúnaithe: suimeanna dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain amháin** | | | | |
| Bintiúir 10% | | 140,000 | | 220,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | |
| Gnáthscaireanna ar €1 an ceann | 680,000 | | 660,000 | |
| Scairphréimh | 3,000 | | – | |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | 236,000 | 919,000 | 182,000 | 842,000 |
| | | 1,059,000 | | 1,062,000 |

Tá an t-eolas seo a leanas ar fáil freisin:

1. Níor tharla diúscairtí foirgneamh ar bith le linn na bliana ach fuarthas seilbh ar fhoirgnimh nua.
2. Níor ceannaíodh innealra ar bith le linn na bliana. Rinneadh innealra a dhiúscairt ar €30,000.
3. Ba é an dímheas a gearradh don bhliain ar Innealra chun an brabús oibriúcháin a bhaint amach ná €55,000.

**Iarrtar ort:**

**(a)** Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Norris cpt a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2009 agus Ráitis Réitigh san áireamh. (48)

**(b)** (i) Breac-chuntas a thabhairt ar na buntáistí a bhaineann le Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid a ullmhú.
(ii) Idirdhealú idir speansas airgid agus speansas neamhairgid. (12)

**(60 marc)**

3. **<u>Dímheas ar Shócmhainní Seasta</u>**

Ullmhaíonn Tras-Iompar Tta a cuntais chríochnaitheacha go 31 Nollaig gach bliain. Is é polasaí na cuideachta a cuid feithiclí a dhímheas de réir ráta de **<u>20% den *luach de réir na leabhar*</u> (comhardú laghdaitheach**) per annum, agus é á ríomh ón dáta ceannaigh go dtí dáta na diúscairtha agus an dímheas seo a charnadh i gCuntas Soláthair in aghaidh Dímheasa. (Áirítear na suimeanna go dtí an Euro is gaire.)

Ar 01/01/2008, bhí na feithiclí seo a leanas ag Tras-Iompar Tta:

Uimh. 1 a ceannaíodh ar 01/01/2004 ar €40,000
Uimh. 2 a ceannaíodh ar 01/01/2005 ar €50,000
Uimh. 3 a ceannaíodh ar 01/01/2006 ar €60,000

Ar 01/08/2008, trádáladh isteach Feithicil Uimh. 1 ar €12,000 in aghaidh feithicle nua a chosain €66,000. Feistíodh aonad cuisnithe le Feithicil Uimh. 1 ar 01/01/2007 ar chostas €16,000. Rinneadh luach an aonaid chuishnithe a dhímheas de réir ráta 40% sa chéad bhliain agus ar an ráta céanna le Feithicil Uimh.1 as sinn amach. Ar 01/05/2009 bhí taisme ag Feithicil Uimh.3 agus trádáladh isteach í in aghaidh feithicle nua a chosain €72,000. Fuair an chuideachta €20,000 mar chúiteamh ón gcuideachta árachais agus íocadh seic €61,000 ar an bhfeithicil nua.

**Iarrtar ort iad seo maraon leis an oibriú amach a thaispeáint, do gach ceann den dá bhliain 2008 agus 2009:**

**(a)** Cuntas na bhFeithiclí (6)
**(b)** An Cuntas Soláthair in aghaidh Dímheasa (32)
**(c)** An Cuntas Diúscairte Feithiclí (14)
**(d)** (i) Mínigh cad is ciall le dímheas.
(ii) Cén fáth a ngearrann cuideachta dímheas nuair a bhíonn an brabús á ríomh? (8)

**(60 marc)**

4. **<u>Cuntas Rialúcháin Creidiúnaithe</u>**

Thaispeáin Cuntas Rialúcháin Mhórleabhar na gCreidiúnaithe ag P. Ó Faoláin na hiarmhéideanna seo a leanas – €54,225 cr agus €650 dr ar 31/12/2009. Níor réitigh na figiúirí sin le Sceideal (Liosta) Iarmhéideanna na gCreidiúnaithe a baineadh as mórleabhar na gcreidiúnaithe ar an dáta céanna. Léirigh scrúdú ar na leabhair an t-eolas seo a leanas:

(i) Fuarthas nóta creidmheasa ó M. Nic Sheoin ar €215. Ba é €251 an t-aon iontráil a breacadh sna leabhair agus cuireadh é chun sochair do chuntas na gcreidiúnaithe é.
(ii) Iontráladh i gceart sa leabhar lae cuí sonrasc a fuarthas ó C. Ní Cheallaigh a léirigh ceannachán earraí ar €1,500 lúide lascaine trádála 10% ach níor breacadh é sa chuntas pearsanta.
(iii) Ghearr creidiúnaí ús de €95 ar Ó Faoláin ar chuntas a bhí dlite thar téarma. Ba é an t-aon iontráil a breacadh i leabhair Uí Faoláin don ús seo ná €35 a breacadh chun dochair don chuntas na gcreidiúnaithe. Tar éis d'Ó Faoláin gearán a dhéanamh faoi sin, laghdaíodh an táille seo go €55 ach níor léiríodh an laghdú sin sna leabhair.
(iv) Lascaine €52 nár cheadaigh soláthraí, cuireadh isteach sna leabhair í mar lascaine a fuarthas.
(v) Bhí luach €900 de ceannacháin ar airgead a rinne Ó'Faoláin curtha chun dochair do chuntas soláthraí.
(vi) Chuir Ó'Faoláin luach €840 d'earraí ar ais chuig soláthraí agus bhreac é sin i gceart sna leabhair. Ach tháinig nóta creidmheasa a thaispeáin asbhaint de 10% mar tháille athstocála. Cuireadh suim iomlán an nóta creidmheasa seo chun sochair don chuntas na gcreidiúnaithe. Ní dhearnadh aon iontráil eile sna leabhair.

**Iarrtar ort:**
**(a)** Cuntas Rialúcháin Mhórleabhar na gCreidiúnaithe Coigeartaithe a ullmhú. (24)
**(b)** Sceideal na gCreidiúnaithe Coigeartaithe a ullmhú a thaispeánann an iarmhéid tosaigh. (28)
**(c)** Cúiseanna a thabhairt go mb'fhéidir nach réiteoidh an t-iarmhéid i gCuntas Rialúcháin na gCreidiúnaithe leis an iarmhéid i Sceideal na gCreidiúnaithe. (8)

**(60 marc)**

| ROINN 2 (200 marc) |
|---|
| Freagair **DHÁ** cheist ar bith |

5. **Léirmhíniú ar Chuntais**

Baineadh na figiúirí seo a leanas as cuntais chríochnaitheacha Hebe cbt, déantóir i dTionscal na Déiríochta. Tá caipiteal údaraithe de €600,000 ag an gcuideachta atá comhdhéanta de 500,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 100,000 scair thosaíochta 10% ar €1 an ceann. Tá 400,000 gnáthscair eisithe cheana féin ag Hebe cbt agus 50,000 de na scaireanna tosaíochta 10%.

**Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2009**

| | | € |
|---|---|---|
| Díolachán | | 960,000 |
| Stoc thosaigh | 60,000 | |
| Stoc ar deireadh | 65,000 | |
| Costais earraí díolta | | (725,000) |
| Speansais oibriúcháin don bhliain | | (140,000) |
| Ús don bhliain | | (30,000) |
| Glanbhrabús don bhliain | | 65,000 |
| Díbhinní íoctha | | (50,000) |
| Brabús Coinnithe | | 15,000 |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 01/01/2009 | | 40,000 cr |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 31/12/2009 | | 55,000 |

**Cóimheasa agus eolas don bhliain dar chríoch 31/12/2008**

| | |
|---|---|
| Tuilleamh an Ghnáthscair | 21c |
| Díbhinn an Ghnáthscair | 15c |
| Cumhdach úis | 4.7 uair |
| Mear-chóimheas | 1:1 |
| Luach aon Ghnáthscaire amháin ar an Margadh | €1.80 |
| Toradh ar Chaipiteal in úsáid | 13% |
| Giaráil | 37% |
| Cumhdach díbhinne | 1.4 uair |
| Toradh díbhinne | 8.3% |

**Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2009**

| | | | € |
|---|---|---|---|
| Sócmhainní Doláimhsithe | | | 180,000 |
| Sócmhainní Inláimhsithe | | | 520,000 |
| Infheistíochtaí (luach ar an margadh €95,000) | | | 120,000 |
| | | | 820,000 |
| Sócmhainní Reatha (Stoc ar Deireadh €65,000 agus Féichiúnaithe €45,000) | | 110,000 | |
| Creidiúnaithe Trádála | 77,000 | | |
| Banc | 48,000 | (125,000) | (15,000) |
| | | | 805,000 |
| Bintiúir 8% (2014/2015) | | | 300,000 |
| Caipiteal Eisithe | | | |
| Gnáthscaireanna @ €1 an ceann | | 400,000 | |
| Scaireanna Tosaíochta 10% @ €1 an ceann | | 50,000 | |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais | | 55,000 | 505,000 |
| | | | 805,000 |

**Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh do 2009:**

**(a)** (i) An Cumhdach Úis
(ii) Na Ceannacháin ar Airgead más é an mheántréimhse chreidmheasa a thugann chreidiúnaithe trádála ná 2 mhí
(iii) An Cumhdach Gnáthdhíbhinne
(iv) An Margadhphraghas más é an P/T ná 10
(v) An Toradh Díbhinne. (45)

**(b)** Cuir in iúl cé acu a bheadh na Sealbhóirí Bintiúr sásta le feidhmiú, le staid reatha agus le hionchas na cuideachta. Bain úsáid as cóimheasa ábhartha agus as eolas eile mar thacaíocht le do fhreagra. (40)

**(c)** Tugadh deis do chara leat gnáthscaireanna a cheannach i Hebe cbt ach sula ndéanann sé é sin iarrann sé do thuairim uait. Cén chomhairle a chuirfeá air? Bain úsáid as cóimheasa, céatadáin agus as eolas ar bith eile atá thuas mar thacaíocht le do thuairimí. (15)

**(100 marc)**

## 6. Gnólacht Seirbhíse

Cuireadh iad seo a leanas san áireamh i sócmhainní agus i ndliteanais Theach Altranais na Leamhán Tta ar 01/01/2009: Foirgnimh agus Talamh €550,000; Trealamh €45,000; Mionbhus ar chostas €50,000; Stoc i siopa €3,300; Stoc d'Ola téimh €1,600; Creidiúnaithe do sholáthraithe don Teach Altranais €1,000; Infheistíochtaí 5% €30,000; Glantachán ar conradh réamhíoctha €200; Éarlaisí cliant réamhíoctha €4,000; Caipiteal Údaraithe €450,000; Caipiteal Eisithe €320,000.

**Tá dímheas carntha 3 bliana ag na sócmhainní seasta go léir ar 01/01/2009.**

Is Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí é seo a leanas don bhliain dar chríoch 31/12/2009

**Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí Theach Altranais na Leamhán don bhliain dar chríoch 31/12/2009**

| | € | | € |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid sa Bhanc 01/01/2009 | 8,250 | Níochán éadaí | 2,000 |
| Táillí cliant | 340,000 | Teileafón | 1,600 |
| Ioncam ó Infheistíochtaí | 1,000 | Pá & Tuarastail | 85,500 |
| Fáltais siopa | 40,000 | Aisíoc iasachta €40,000 ar 01/05/2009 | |
| Iarmhéid t/s | 75,450 | maraon le hús 18 mí | 48,100 |
| | | Trealamh | 15,000 |
| | | Síneadh nua leis na foirgnimh | 200,000 |
| | | Mionbhus nua | 35,000 |
| | | Glantachán ar conradh | 3,500 |
| | | Solas agus teas | 3,100 |
| | | Árachas | 6,400 |
| | | Ceannacháin – siopa | 28,000 |
| | | Ceannacháin – soláthairtí | 35,900 |
| | | Seic obtha – táillí | 600 |
| | 464,700 | | 464,700 |

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

(i) Stoc ar deiridh ar 31/12/2009: Siopa €1,500, Ola téimh €300.
(ii) Déantar an glantachán ar chonradh atá iníoctha roimh ré go míosúil agus cuimsíonn sé íocaíocht de €400 d'Eanáir 2010.
(iii) Cuimsíonn táillí cliant táillí de €5,000 do 2010. Bhí táillí cliant i riaráistí ar 31/12/2009 €500.
(iv) Níor aisghabhadh an seic obtha ina dhiaidh sin, agus díscríobhadh é mar dhrochfhiach.
(v) Cuimsíonn Pá agus Tuarastal suim €18,000 per annum a íoctar leis an rúnaí, a reáchtálann an siopa freisin. Meastar gur leis an siopa a bhaineann 40% den tuarastal sin, €250 den solas agus teas, €800 den árachas agus €350 den teileafón leis an siopa.
(vi) Dlitear do chreidiúnaithe do sholáthairtí don Teach Altranais €1,800 ar 31/12/2009.
(vii) Bhí leictreachas dlite 31/12/2009 €320.
(viii) Tá soláthar le déanamh mar leanas don dímheas:
Foirgnimh 2% den chostas don bhliain iomlán
Trealamh 15% den chostas per annum
Mionbhus ar 20% den chostas per annum ón dáta ceannaigh go dtí an dáta díola.
Ar 01/01/2006 a ceannaíodh an mionbhus a bhí fós i seilbh ar 01/01/2009 agus trádáladh isteach é ar 01/07/2009 in aghaidh mionbhus nua. Ba é an liúntas trádála isteach na €7,000, in aghaidh mionbhus dar luach €42,000.
(ix) Ar 31/12/2009 shocraigh Teach Altranais na Leamhán na fhoirgnimh a athluacháil ar €900,000.

**Iarrtar ort:**

**(a)** Ríomh cúlchistí na cuideachta (iarmhéid brabúis agus caillteanais) ar 01/01/2009. (18)
**(b)** Ríomh an brabús/caillteanas ón siopa don bhliain dar chríoch 31/12/2009. (10)
**(c)** Ullmhaigh Cuntas Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2009. (36)
**(d)** Ullmhaigh Clár Comhardaithe ar 31/12/2009. (30)
**(e)** Tá bainistíocht an Tí Altranais ag smaoineamh ar ardú de 10% ar na táillí cliant. Cén chomhairle a chuirfeá orthu? Mínigh do fhreagra. (6)

**(100 marc)**

**7. Ceartú earráidí agus cuntas fionraí**

Theip ar Chomhardú Trialach C Mhic Cárthaigh, déileálaí mótair, réiteach ar 31/12/2009. Iontráladh an difríocht i gcuntas fionraí agus ullmhaíodh an Clár Comhardaithe seo a leanas:

**Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2009**

| | € | € | € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Áitreabh | | 600,000 | |
| Trealamh | | 30,000 | |
| Feithiclí Mótair | | 60,000 | 690,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoc (fionraí san áireamh) | | 182,400 | |
| Féichiúnaithe | | 38,200 | |
| Airgead | | 1,000 | |
| | | 221,600 | |
| **Lúide: Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin** | | | |
| Creidiúnaithe | 56,000 | | |
| Banc | 31,000 | (87,000) | 134,600 |
| | | | 824,600 |
| **Maoinithe ag:** | | | |
| Caipiteal | | 750,000 | |
| Glanbhrabús | | 81,200 | |
| | | 831,200 | |
| Tarraingtí | | (6,600) | 824,600 |
| | | | 824,600 |

Tar éis na leabhair a sheiceáil, aimsíodh na hearráidí seo a leanas:

(i) Chuir Mac Cárthaigh seic ar €620 mar lánghlanadh fiach gnó de €660 agus bhreac é sin i gceart sna leabhair. Ach ní dhearnadh aon iontráil sna leabhair ina dhiaidh sin ag obadh an tseic seo agus na híocaíochta ar cuntas de €300 airgid ag Mac Cárthaigh.

(ii) Chuir Mac Cárthaigh gluaisteán ar ais, a ceannaíodh roimhe sin ar cairde ar €15,600 ó sholáthraí. D'iontráil Mac Cárthaigh an beart seo mar €16,500 ar na taobhanna cearta de na cuntais chearta sa mhórleabhar. Ina dhiaidh sin tháinig nóta creidmheasa ón soláthraí a thaispeáin táille iompair de €600 chun costas an aischuir a chumhdach. Ba é an t-aon iontráil a breacadh i leith an nóta creidmheasa seo ná creidiúint €15,000 i gcuntas an chreidiúnaí.

(iii) Ghnóthaigh Mac Cárthaigh feithicil mhótair a raibh luach €30,000 uirthi i gcrannchur. Thug Mac Cárthaigh an fheithicil seo don ghnólacht agus thóg seanfheithicil ón ngnólacht a raibh luach €22,500 uirthi, lena húsáid do chríocha príobháideacha. Ba é an t-aon iontráil a breacadh i leabhair an ghnólachta i dtaca leis an dá fheithicil ná dochar €22,500 i leabhar an airgid.

(iv) Cuireadh íocaíochtaí airgid de €450 le haghaidh deisiúchán trealaimh chun sochair do chuntas na gcreidiúnaithe agus chun sochair freisin do chuntas na bhfeithiclí mótair.

(v) Go dtí 31/12/2009 ní raibh seic ar €5,250, a d'íoc Mac Cárthaigh as cuntas príobháideach bainc le trealamh diagnóiseach a fhruiliú ar feadh 15 mhí, breactha sna leabhair.

**Iarrtar ort:**

**(a)** Na ceartúcháin is gá a iontráil sa leabhar cunta.. (50)
**(b)** An Cuntas Fionraí a thaispeáint. (6)
**(c)** Ráiteas a ullmhú a thaispeánann an glanbhrabús ceart. (14)
**(d)** Clár Comhardaithe ceartaithe a ullmhú. (20)
**(e)** **Trí** chineál dhifriúla earráidí a shainaithint a mbíonn tionchar acu ar chomhardú Comhardú Trialach. (10)

**(100 marc)**

**ROINN 3 (80 marc)**
Freagair **AON** cheist amháin

**8. Luacháil Stoic agus Costáil**

**(a) Rialú Stoic**

Is siopa miondíola é Rós Tta a cheannaíonn agus a dhíolann aon táirge amháin. Baineann an t-eolas seo a leanas le ceannacháin agus le díolacháin an ghnólachta don bhliain 2009:

| Tréimhse | Ceannacháin ar Chreidmheas | Díolacháin ar Chreidmheas | Díolacháin ar Airgead |
|---|---|---|---|
| 01/01/2009 – 30/04/2009 | 3,000 @ €4 an ceann | 900 @ €9 an ceann | 1,200 @ €11 an ceann |
| 01/05/2009 – 31/08/2009 | 2,200 @ €6 an ceann | 1,100 @ €10 an ceann | 1,300 @ €12 an ceann |
| 01/09/2009 – 31/12/2009 | 1,500 @ €7 an ceann | 1,200 @ €10 an ceann | 1,200 @ €13 an ceann |

Ar 01/01/2009 bhí stoc tosaigh de 4,000 aonad ann @ €4 an ceann.

**Iarrtar ort:**

(i) An modh 'Tús isteach/Tús amach' (FIFO) a úsáid chun luach an stoic deiridh a ríomh.
(ii) Cuntas trádála a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2009.

**(b) Costáil Táirge**

Is cuideachta bheag í Ní Dhuibhir Tta a bhfuil trí roinn inti. Is mar seo a leanas atá costais bhuiséadaithe na cuideachta don bhliain seo chugainn:

| Roinn | Costais Athraitheacha | Costais Sheasta | Ráta pá san uair |
|---|---|---|---|
| A | €15 san uair | €6 san uair | €13 |
| B | €17 san uair | €5 san uair | €15 |
| C | €22 san uair | €4 san uair | €10 |

Tá an ráta ionsúite forchostais don Riarachán Ginearálta in aghaidh na huaire buiséadaithe le bheith mar €5.50.

Is mar seo a leanas atá na sonraíochtaí do luachan le haghaidh **Jab Uimh. 209:**
Costais Ábhair €7,350
Uaireanta saothair is gá i ngach roinn:

| Roinn | Uaireanta |
|---|---|
| A | 95 |
| B | 185 |
| C | 60 |

**Iarrtar ort:**
Ríomh praghas díola Jab Uimh. 209 má tá an brabús socraithe ar 20% den phraghas díola.

**(c) Tearc-ionsú agus ró-ionsú costas**

Baineann an t-eolas atá leagtha amach thíos le costais bhuiséadaithe agus le costais iarbhír Uí Éanacháin Déantóirí Tta:

| Buiséadaithe | Uaireanta Saothair Dhírigh | Uaireanta Meaisín | Forchostais Iomlána |
|---|---|---|---|
| Roinn X | 8,000 | 35,000 | €140,000 |
| Roinn Y | 45,000 | 10,000 | € 36,000 |
| Roinn Z | 20,000 | – | € 40,000 |

| Iarbhír | Uaireanta Saothair Dhírigh | Uaireanta Meaisín | Forchostais Iomlána |
|---|---|---|---|
| Roinn X | 10,000 | 40,000 | €155,000 |
| Roinn Y | 37,000 | 15,000 | € 30,000 |
| Roinn Z | 25,000 | – | € 45,000 |

**Iarrtar ort:**

(i) Rátaí ionsúite forchostais na roinne a ríomh do na Ranna X, Y agus Z.
(ii) An tearc-ionsú/ró-ionsú (under/over absorption) de réir na roinne agus an tearc-ionsú/ró-ionsú iomlán don tréimhse a thaispeáint. Mínigh cad is ciall leis na figiúirí seo.

**(80 marc)**

**9. Buiséadú Airgid**

Tá Nic Con Coille Tta ag ullmhú chun gnólacht a chur ar bun ar 01/07/2011 agus tá an réamhaisnéis seo a leanas déanta don chéad sé mhí trádála:

| | Iúil | Lúnasa | Meán Fómhair | Deireadh Fómhair | Samhain | Nollaig | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € | € | € |
| Díolacháin | 410,000 | 430,000 | 560,000 | 580,000 | 610,000 | 630,000 | 3,220,000 |
| Ceannacháin | 190,000 | 210,000 | 240,000 | 250,000 | 330,000 | 350,000 | 1,570,000 |

(i) Is é an praghas díola a bhfuil súil leis ná €40 an t-aonad.

(ii) Is é an patrún bailithe airgid ó Fhéichiúnaithe a bhfuil súil leis ná:

**Custaiméirí Airgid** 40% den ioncam ó dhíolacháin ar airgead láithreach agus lamhálfar lascaine airgid de 5%.

**Custaiméirí Creidmheasa** 60% den ioncam ó dhíolacháin le fáil ó chustaiméirí creidmheasa. Íocfaidh na féichiúnaithe seo 50% dá gcuid billí sa mhí tar éis an díolacháin agus an fuílleach sa dara mí tar éis an díolacháin

(iii) Meastar go mbeith an patrún íocaíochta ó cheannacháin mar seo a leanas:

**Soláthraithe Creidmheasa** Íocfar as 50% de na ceannacháin sa mhí tar éis iad a cheannach nuair a gheofar lascaine airgid de 2%. Íocfar as an gcuid eile de na ceannacháin sa dara mí tar éis iad a cheannach.

(iv) Íocfar speansais an ghnólachta mar seo a leanas:

**Costais Mheasta** Pá €40,000 in aghaidh na míosa iníoctha de réir mar a thabhaítear é
Forchostais athraitheacha €10 an t-aonad iníoctha de réir mar a thabhaítear iad.
Forchostais sheasta (dímheas san áireamh) €45,000 sa mhí iníoctha de réir mar a thabhaítear iad.

**Costais Chaipitiúla** Ceannófar trealamh i mí Iúil ar chostas €48,000 a mbeidh saol úsáideach 5 bliana aige. Chun an ceannach seo a chistiú gheofar iasacht €44,000 ar 9% per annum. Íocfar an t-ús gach mí, ach ní gá an caipiteal a aisíoch go dtí Eanáir 2012.

**Iarrtar ort:**

**(a)** Buiséad airgid a ullmhú do na sé mhí Iúil go Nollaig 2011.
**(b)** Cuntas buiséadaithe brabúis agus caillteanais a ullmhú do na sé mhí dar chríoch 31/12/2011.
**(c)** Cad is athraitheas codarsnach (adverse variance) ann? Luaigh cén fáth a bhféadfadh athraitheas codarsnach i gcostas a bhaineann le hábhar díreach.

**(80 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán